C/2026/6047

18.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12645 — STANDARD LIFE / CVC / PRUDENTIAL FINANCIAL / STANDARD LIFE ASSURANCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6047)

1. An 9 Samhain 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Standard Life plc ('Standard Life', an Ríocht Aontaithe),

— CVC Capital Partners plc ('CVC plc', Geirsí),

— Prudential Financial, Inc. ('Prudential Financial', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Standard Life, CVC plc, agus Prudential Financial rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Standard Life Assurance Limited ('OpCo', an Ríocht Aontaithe), ar fochuideachta faoi lánúinéireacht Standard Life é faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Speisialaí scoir is ea Standard Life atá dírithe go hiomlán ar choigilteas agus ioncam scoir, sa Ríocht Aontaithe go príomha. Cuireann sé réimse táirgí ar fáil dá chustaiméirí trína bhrandaí pinsin, coigiltis agus árachais saoil,

— Bainistíonn CVC plc infheistíochtaí thar ceann cistí agus feithiclí infheistíochta áirithe ('Cistí CVC'). Tá leasanna ag Cistí CVC i roinnt cuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear in earnálacha seirbhísí airgeadais, ceimiceán, fóntas, monaraíochta, miondíola agus dáilte,

— Is grúpa seirbhísí airgeadais agus bainistíochta infheistíochta é Prudential Financial nach bhfuil aon scairshealbhóir rialaithe aige. Tá sé gníomhach in árachas, blianachtaí, táirgí scoir agus bainistíocht infheistíochta sna Stáit Aontaithe, san Áise, san Eoraip agus i Meiriceá Laidineach.

3. Díreoidh an comhfhiontar ar aistriú riosca pinsin, lena n-áirítear blianachtaí bulc-cheannaigh, sa Ríocht Aontaithe go príomha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12645 — STANDARD LIFE / CVC / PRUDENTIAL FINANCIAL / STANDARD LIFE ASSURANCE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË